An Coimisiún Eorpach

# NUÁLAÍOCHT agus DIGITIÚ

## **8 léargas** chun cuir chuige nua a úsáid den chéad uair.

Tuairisc ó Mheitheal ET2020 um Ghairmoideachas agus um Ghairmoiliúint

Tá ról lárnach ag nuálaíocht agus digitiú sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint in aistrithe glasa agus digiteacha níos leithne, agus i dtearnamh agus seasmhacht na hEorpa i ndiaidh COVID-19. Chomhoibrigh Ballstáit AE trí cheardlanna, seisiúin ghréasáin agus Gníomhaíochtaí Piarfhoghlama faoi Mheitheal ET2020 um Ghairmoideachas agus um Ghairmoiliúint chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo a leanas:

Cén chaoi ar féidir le nuálaíocht agus digitiú **borradh a chur faoi Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint ar ardchaighdeán agus ar Ard-Ghairmoideachas agus Ard-Ghairmoiliúint?**

Léirítear ina tuairisc deiridh conas is féidir cumas na gcóras Gairmoideachais agus Gairmoiliúna a fhorbairt le cuir chuige chórasacha i leith na nuálaíochta agus an digitithe a chur i bhfeidhm trí **1 fhís**, **2 dhearcadh** agus **8 léargas**.

## FÍS AMHÁIN:

AISTRIÚ Ó GHAIRMOIDEACHAS AGUS Ó GHAIRMOILIÚINT ATÁ FREAGRACH CHUIG EARNÁIL ATÁ RÉAMHGHNÍOMHACH

Is ré atá lán le dúshláin chasta agus ilghnéitheacha í an ré seo ina bhfuilimid ag maireachtáil. Chun déileáil leo, **ní mór don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint cinntí níos réamhghníomhaí agus níos ciallmhaire a dhéanamh** maidir le tosaíochtaí, athchóirithe agus infheistíochtaí
(i) a dhéanann an nuálaíocht agus an digitiú a thuar agus a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, agus
(ii) a spreagann nuálaíocht agus digitiú níos faide ná earnáil an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna amháin.

## DHÁ DHEARCADH:

LAISTIGH AGUS LASMUIGH DEN GHAIRMOIDEACHAS AGUS GAIRMOILIÚINT

Ba cheart smaoineamh ar thodhchaí an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna ó dhá dhearcadh éagsúla atá idirnasctha agus comhlántach lena chéile:

- **Tionchar na nuálaíochta agus an digitithe ar an nGairmoideachas agus ar an nGairmoiliúint:** Ní mór don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint a bheith in ann luas na nuálaíochtaí agus an digitithe atá ag éirí níos tapa a thuar ar bhealach níos fearr le huirlisí agus oideolaíochtaí nua
- **Cumas an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna a fhorbairt chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an digitiú:** Teastaíonn cumas níos fearr ón nGairmoideachas agus ón gGairmoiliúint le tacú le nuálaíocht agus digitiú trí straitéisí speisialtóireachta cliste, ollscoileanna agus taighde.

*An Eoraip Shóisialta*

# OCHT LÉARGAS

TIONCHAR NA NUÁLAÍOCHTA AGUS AN DIGITITHE AR GHAIRMOIDEACHAS AGUS AR GHAIRMOILIÚINT

**LÉARGAS 1:** **AG GLACADH LEIS NA BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LE NUÁLAÍOCHT AGUS DIGITIÚ AGUS BHEITH CHUN TOSAIGH MAIDIR LE NUÁLAÍOCHT NÍOS SOFAISTICIÚLA A CHUR CHUN CINN** e.g. trí dhlús a chur faoin ráta ina nglacaimid le nuálaíochtaí níos sofaisticiúla.

**LÉARGAS 2:** **TEASTAÍONN MÚINTEOIRÍ AGUS OILIÚNÓIRÍ NUÁLACHA CHUN NUÁLAÍOCHTAÍ A SPREAGADH SA TEAGASC AGUS SAN OILIÚINT** e.g. trí ardáin comhoibríocha, struchtúir ábhartha le haghaidh slite beatha, agus múnlaí nua amhail gairmithe 'hibrideacha'.

**LÉARGAS 3:** **DIGITIÚ A CHOMHTHÁTHÚ SAN FHOGHLAIM ATÁ BUNAITHE AR AN OBAIR (WBL) AR BHEALACH CLISTE** e.g. trí leas a bhaint as teicneolaíocht thumthach: réaltacht fhíorúil, réaltacht bhreisithe, intleacht shaorga etc.

CUMAS AN GAIRMOIDEACHAIS AGUS NA GAIRMOILIÚNA A FHORBAIRT CHUN TACÚ LE NUÁLAÍOCHT AGUS DIGITIÚ

**LÉARGAS 4:** **SOCRUITHE RIALAITHE AGUS BAINISTITHE ATÁ ÉIFEACHTACH AGUS CEANNAIREACHT LÁIDIR A ÉASCÚ** e.g. trí comhlachtaí a éascú le hidirghabháil a dhéanamh i margadh na teicneolaíochta oideachais atá ag fás ('edtech')

**LÉARGAS 5:** **MAOINIÚ STRAITÉISEACH AGUS SOLÚBTHA A CHUR AR FÁIL** e.g. trí mhachnamh a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann leis an nuálaíocht agus ar na costais agus na hinfheistíochtaí níos leithne a theastaíonn.

**LÉARGAS 6:** **CUR LE HÉAGSÚLACHT AGUS LE HIONCHUIMSITHEACHT NA BHFOGHLAIMEOIRÍ TRÍ NUÁLAÍOCHT AGUS TRÍD AN DIGITIÚ** e.g. trí thuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar atá ag cúlra sóisialta, eitneacht agus inscne ar an digitiú

**LÉARGAS 7:** **CUIR CHUIGE NUA A CHUR I BHFEIDHM CHUN BARR FEABHAIS A BHAINT AMACH SA GHAIRMOIDEACHAS AGUS SA GHAIRMOILIÚINT** e.g. trí chaighdeáin arda a chur chun cinn ar leibhéil níos airde agus trí Ionaid Bharr Feabhais na Gairmoiliúna

**LÉARGAS 8:** **SCILEANNA A FHORBAIRT CHUN MÁISTREACHT A FHÁIL AR AISTRITHE NUÁLAÍOCHTA, DIGITEACHA AGUS GLASA I NDOMHAN DOMHANDA** e.g. trí úsáid a bhaint as TFC chun CVET, modúil chost-éifeachtúla a sheachadadh ar scileanna digiteacha glasa agus soghluaisteacht fhíorúil

## 12 THIONSCADAL CHEANNRÓDAÍOCHA

D'fhonn aird a tharraingt ar shamplaí spreagúla, léirítear sa tuarascáil dea-chleachtais maidir leis an digitiú (an Bheilg-an Pobal Pléimeannach, Málta, an Iodáil, an Spáinn), maidir leis an nuálaíocht (an Fhionlainn, Éire, an Pholainn, an Rómáin) agus cuirtear cuspóirí sóisialta/glasa (an Bheilg- an Pobal Francach, an Bhulgáir, an Ghearmáin agus an Phortaingéil) chun cinn inti freisin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach an tuarascáil iomlán https://europa.eu/!dF68qC

© European Union, 2020
Reuse of this document is allowed, provided appropriate credit is given and any changes are indicated (Creative Commons Attribution 4.0 International license).
For any use or reproduction of elements that are not owned by the EU, permission may need to be sought directly from the respective right holders.

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

PD ISBN 978-92-76-30475-3 doi:10.2767/309589 KE-01-20-483-GA-N